

Bí-Sábháilte

Dea-chleachtas i gCosaint Leanaí



Treoir do Scoileanna

CLÁR NA N-ÁBHAR

Réamhrá	1
Polasaí um Chosaint Leanaí a Fhorbairt	2
I Cosc	2
II Cur Chuige	4
III Cleachtas	5
Leanaí le Riachtanais Speisialta Oideachais	9
Polasaí um Chosaint Leanaí a Dhréachtadh	9
Seicliosta na bPríomhphointí	10
Aguisín 1:	11
Polasaí Samplach um Chosaint Leanaí	
Aguisín 2:	13
Leathán Taifid Samplach	

An Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Leanaí,
Teach an Droichid, Ospidéal Ghort na Silíní, Baile Átha Cliath 10
Teil: 01-6206347 R-phost: staysafe@indigo.ie

© An Clár um Chosc ar Mhí-Úsáid Leanaí

jean langley
graphic design services
087 2249752

Léaráid: Barbara Nolan

RÉAMHRÁ

“Teachers are particularly well placed to observe and monitor children for signs of abuse. They are the main care givers to children outside the family context and have regular contact with children in the school setting. Teachers have a general duty of care to ensure that arrangements are in place to protect children and young people from harm. In this regard, young people need to be facilitated to develop their self-esteem, confidence, independence of thought and the necessary skills to cope with possible threats to their personal safety both within and outside the school. Boards of Management, principals and senior management teams have primary responsibility for the care and welfare of their pupils.

Management arrangements within primary and post-primary schools should provide for the following:

- (i) the planning, development and implementation of an effective child protection programme;*
- (ii) continuous monitoring and evaluation of the effectiveness of such provision;*
- (iii) the effective implementation of agreed reporting procedures;*
- (iv) the planning and implementation of appropriate staff development and training programmes.”*

Children First, Chapter 6, pp 50/51

Tá leanaí i mbaol na mí-úsáide mar thoradh ar a gcuid spleáchais agus a gcuid anabaíochta. Tá iliomad foirmeacha ag mí-úsáid leanaí ach is féidir é a rangú i gceithre chineál éagsúil: faillí, mí-úsáid fhisiciúil, mí-úsáid mhothúchánach agus mí-úsáid ghnéasach. Is féidir foirm amháin nó níos mó de mhí-úsáid a dhéanamh ar leanbh ag aon am amháin. Cé go bhfuil an phríomhfhreagracht ar thuismitheoirí/caomhnóirí as cúram agus cosaint a gcuid leanaí, tá freagrachtaí soiléire ag daoine atá ag obair le leanaí sa réimse seo freisin.

Tugann ‘Children First’, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children cur síos soiléir ar thábhacht an ról atá ag gach scoil i gcosc, tuairisciú agus láimhseáil na mí-úsáide leanaí.

Mar sin, tá fiorthábhacht le Polasaí um Chosaint Leanaí a fhorbairt a thugann aghaidh ar ról, freagrachtaí agus cleachtais na scoile maidir le cosaint leanaí.

Aidhm ghinearálta an leabhráin seo is ea cuidiú le scoileanna Polasaí cuimsitheach um Chosaint Leanaí a phléann soláthar oideachais cuí, cur chuige chun plé le buarthaí agus/nó nochtadh mí-úsáide agus cleachtais um chosaint leanaí a chur i bhfeidhm sa scoil. Féachann Polasaí cuimsitheach um Chosaint Leanaí le leanaí a chosaint sa scoil agus, ag an am céanna, an fhoireann a chosaint*.

Chuirge sin, féachann an leabhrán seo leis na moltaí/treoirí atá ar fáil do scoileanna faoi láthair a tharraingt le chéile agus cur leo trí chomhairle phraiticiúil agus treoir a thabhairt ar an dea-chleachtas a fhorbairt agus a ghlacadh in eagrú na ngníomhaíochtaí scoile ó lá go lá.

**Cuimsíonn foireann na scoile an pearsanra ar fad (ar phá agus deonach) atá ag obair laistigh de thimpeallacht na scoile m.sh. múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, cainteoirí/múinteoirí ar cuairt, tionlacóirí/tiománaithe bus, foireann choimhdeach, tuismitheoirí ag cuidiú srl.*

POLASAÍ UM CHOSAINT LEANAÍ A FHORBAIRT

Ba chóir go dtabharfadh an doiciméad ar Pholasaí um Chosaint Leanaí aghaidh ar leith ar na réimsí seo a leanas:-

I COSC

- A. Cuspóirí
- B. Acmhainní
- C. Ceachtanna Foirmeálta
- D. Tuismitheoirí a chur ar an eolas/a bheith páirteach
- E. Nithe eile le cur san áireamh

II CUR CHUIGE

- A. *“Children First”, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children*
- B. ‘Treoirínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí’ de chuid na ROE

III CLEACHTAS

- A. Earcú agus Roghnú Foirne
- B. Gnáthiompar
- C. Cúram Leithris / Cúram Pearsanta
- D. Athrú Feistis do Chluichí
- E. Feitheoireacht ar Dhaltaí
- F. Teagasc duine-le-duine
- G. Cuairteoirí/Aoichainteoirí
- H. Sábhailteacht Idirlín

COSC

Ó cuireadh i bhfeidhm an curaclam um Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) tá iallach ar Bhord Bainistíochta na scoile a chinntiú go bhfuil clár oideachais ar chosc na mí-úsáide ar bun sa scoil.

Is féidir soláthar curaclaim a bhaint amach tríd an gclár iomlán Bí Sábháilte a chur i bhfeidhm mar chuid de churaclam OSPS na scoile, faoin snáithaonad Sábháilteacht agus Cosaint.

Sa chuid sin ar chosc ar mhí-úsáid, ba chóir na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i bpolasaí na scoile ar chosaint leanaí:

A. Cuspóirí an Chláir.

Ba chóir go ndéanfadh an doiciméad cur síos ar chuspóirí an chláir oideachais atá in úsáid sa scoil chun mí-úsáid leanaí a chosc i.e.

- féinmhuinín, teanntás agus scileanna féinchosanta leanaí a fhorbairt.
- múineadh do leanaí gur chóir dóibh i gcónaí insint do dhuine fásta maidir le haon suíomh a mhothaíonn siad a bheith míshábháilte, suaitheach, bagrach, contúirteach nó mí-úsáideach
- na scileanna a thabhairt do leanaí atá riachtanach chun cuidiú leo mí-úsáid/íospairt/bulaíocht a aithint agus cur ina gcoinne
- na rialacha a mhúineadh –
 - i) Abair Stop, Imigh agus Inis
 - ii) Ná Coinnigh Tadhall ina Rún Ariamh

B. Na hAcmhainní in úsáid sa Scoil.

- An Clár Bí Sábháilte
- An Pacáiste Bí Sábháilte ‘Scileanna Sábháilteachta Pearsanta do Leanaí le Deacrachtaí Foghlama’.

C. Ceachtanna Foirmeálta an Chláir Bí Sábháilte.

Mar chuid den Pholasaí um Chosaint Leanaí is gá cur síos a thabhairt ar an gcaoi ina múinfear ceachtanna foirmeálta an chláir Bí Sábháilte laistigh de chomhthéacs an curaclaim OSPS. Measann go leor scoileanna go bhfuil an foilseachán ‘Ag Crúthú Nascanna’ úsáideach sa phleanáil do

OSPS. Ba chóir an clár Bí Sábháilte a mhúineadh ina iomláine faoi'n roinn 'Sábháilteacht Phearsanta' den tsnáithaonad 'Sábháilteacht agus Cosaint'.

D. Tuismitheoirí/Caomhnóirí a chur ar an eolas agus a bheith páirteach

Cuireann formhór na dtuismitheoirí fáilte roimh churaclam leathan OSPS a bheith sa scoil. Is éifeachtaí cláir ar nós Bí Sábháilte nuair a bhíonn tuismitheoirí/caomhnóirí páirteach go gníomhach sa phróiseas. Oibríonn go leor scoileanna go dlúth le tuismitheoirí/caomhnóirí chun rannpháirtíocht ghníomhach a chinntiú.

Ba chóir go gcuirfí tuismitheoirí ar an eolas faoi pholasaí na scoile maidir leis na gnéithe íogair den OSPS a mhúineadh. Pléann formhór na scoileanna leis seo trí na tuismitheoirí a chur ar an eolas, nuair a chláraítear a bpáiste, maidir le polasaí na scoile ar mhúineadh an chlár Bí Sábháilte agus réimsí íogair eile. Cuireann go leor scoileanna cóip den leabhrán ar a dtugtar 'Bí Sábháilte – Treoir do Thuismitheoirí' san áireamh leis an ábhar a sheoltar chuig tuismitheoirí atá cláraithe as an nua. Tá an leabhrán seo ar fáil ó CAPP agus ar an suíomh gréasáin Bí Sábháilte: www.staysafe.ie

Eagraíonn scoileanna cruinnithe eolais ar ghnéithe ar leith den churaclam OSPS m.sh. Bí Sábháilte ar bhonn rialta.

Ba chóir a mheabhrú, áfach, go bhfuil an ceart ag tuismitheoirí/caomhnóirí i gcónaí a leanbh a tharraingt siar ó ghnéithe íogair OSPS.

E. Nithe eile le cur san áireamh

B'fhéidir go gcaithfear na nithe seo a leanas a chur san áireamh faoin roinn seo freisin: -

- An clár a theagasc i suíomh ilchultúrtha/iltheangach - nithe a bhaineann le tuismitheoirí a chur ar an eolas agus a chinntiú go dtuigeann cách teachtaireachtaí an chlár
- Soláthar breise do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais
- An clár a theagasc i suíomh il-ranga
- An ról atá ag foireann teagaisc choimhdeach maidir le teagasc/tacaíocht scileanna sábháilteachta pearsanta
- Oideachas do dhaltaí maidir le húsáid shábháilte na teicneolaíochta - ach go

háirithe maidir le fón póca, úsáid an idirlín srl.

- Na socrúithe a chuirfear i bhfeidhm má
 - i) theastaíonn ó thuismitheoir a leanbh a tharraingt siar ó ghnéithe íogair den churaclam OSPS
 - ii) roghnaíonn múinteoir tarraingt siar ó ghnéithe íogair den churaclam OSPS a mhúineadh.

CUR CHUIGE

Tugtar cur síos ar an gcur chuige ba chóir do scoileanna a leanúint nuair atá siad ag plé le buarthaí agus/nó nochtadh na mí-úsáide i ndá fhoilseachán, ar a dtugtar :-

A. ‘Children First’, National Guidelines for the Protection and Welfare of Children (An Roinn Sláinte agus Leanaí (RSL))

B. ‘Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí, (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, (ROE))

Cuireadh cóip den dá dhoiciméad chuig na scoileanna ar fad i 1999. Is féidir iad a íoslódáil ó shuíomh gréasáin Bi Sábháilte www.staysafe.ie

A. ‘Children First: National Guidelines for the Protection and Welfare of Children’

Tá sé d’aidhm ag ‘Children First’ tacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh siúd ar fad a bhíonn i dteagmháil go rialta le leanaí chun mí-úsáid a d’fhéadfadh a bheith ann a aithint agus freagairt dó. Baineann na treoirlínte leis na leanaí ar fad - ní hamháin leanaí atá n-íosportaigh mí-úsáide nó faillí. Faoi na treoirlínte sainítear leanbh mar dhuine faoi 18 mbliana d’aois, ach amháin duine atá nó a bhí pósta.

B. ‘Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí’ (ROE)

Chomh maith le heolas ginearálta pléitear na réimsí seo a leanas ar leith:

Caibidil 1: Réamhrá Agus Frámaíocht Dhlíthiúil

Rúndacht

An tAcht um Chosaintí do Dhaoine a Thuairisceoidh Mí-úsáid Páistí,

Pribhléid shrianta

An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Caibidil 2: Freagrachtaí Um Phearsanra Uile Na Scoile

Ginearálta

An Duine Caidrimh Ainmnithe

Conas comharthaí mí-úsáide féideartha a aithint

Conas déileáil le heolas a nochtann páistí

Ag feighil taifead

Caibidil 3: Ag Tuairisciú Ábhar Imní Agus Ról na mBord Sláinte

An beart atá le déanamh ag pearsanra scoile

An beart atá le déanamh ag an Duine Caidrimh Ainmnithe

Ról na mBord Sláinte

Comhdhálacha um Chaomhnú Páistí

Caibidil 4: Líombhaintí Nó Amhras Faoi Pháistí A Bheith Á Mí-Úsáid Ag Fostaithe Scoile

An modh tuairiscithe

An beart atá le déanamh ag an gCathaoirleach

Iarobair bhreise de dhíth

Aiseolas ó bhoird sláinte

Caibidil 5: Mí-Úsáid Piaráí Agus Bulaíocht

Mí-úsáid ghnéasach á tabhairt ag páistí agus daoine óga

Bulaíocht

Tá uimhreacha teagmhála úsáideacha sna treoirlínte freisin dos na limistéir FSS ar fad agus eolas ar thuairisciú don FSS agus ar chomhdhálacha um chosaint leanaí.

Tá sé de fhreagracht ar bhord bainistíochta na scoile a chinntiú go bhfuil gach ball d’fhoireann na scoile eolach ar threoirlínte na ROE agus go gcloítear leis an gcur chuige a luaitear iontu nuair a phléitear ceisteanna leasa leanaí nó cosaint leanaí.

Chuipe sin, ba chóir don Bhord Bainistíochta a chinntiú go gcuirtear oiliúint agus eolas cuí faoi chosaint leanaí ar fáil go rialta don fhoireann, do thuismitheoirí agus do chomhaltaí uile an bhoird bhainistíochta.

Ba chóir go sonródh roinn ‘cur chuige’ Pholasaí na scoile um Chosaint Leanaí tiomantas na scoile chun a chinntiú go nglacann an fhoireann ar fad le treoirlínte an ROE.

Tabhair faoi deara, go molann treoirlínte an ROE go n-ainmneodh an Bord Bainistíochta ball sinsearach den fhoireann mar Dhuine Caidrimh Ainmnithe (DCA), an Príomhoide de ghnáth. Nuair nach é an Príomhoide an DCA is dea-chleachtas é a chinntiú go

nglacann an Príomhoide ról an DCA Tánaistigh.

Ba chóir don chuid seo den pholasáí an DCA agus DCA Tánaisteach reatha a ainmniú, mar atá aontaithe ag an mBord Bainistíochta.

Ba chóir polasaí na scoile faoi nithe praiticiúla maidir le taifid a choinneáil, a phlé anseo freisin. Tá samplaí de bhileog taifid ar fáil in Aguisín II.

Ceisteanna Coitianta:

Ó tugadh isteach treoirlínte na ROE tá liosta tiomsaithe ag an gClár Coiscthe Drochíde ar Pháistí de na ceisteanna is coitianta a chuirtear maidir le cur i bhfeidhm threoirlínte an ROE. Tá siad seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Bí Sábháilte:- www.staysafe.ie.

CLEACHTAS

Baineann an dea-chleachtas i gcosaint leanaí le scoileanna ag aithint réimsí cleachtais a chaithfear a phlé d'fhonn a chinntiú go gcosnófar leanaí agus foireann. Nuair atá leanaí faoi chúram na scoile, meastar go bhfuil múinteoirí 'in loco parentis'. Chuige sin, moltar do scoileanna gníomhú go cúramach, agus aird acu ar a gcuid freagrachtaí i réimse chosaint leanaí. I bhformhór na suíomhanna, cuirfidh scoileanna socruithe cuí ar bun chun freagairt ar riachtanais na ndaltaí agus beidh comhaontú acu roimh ré le tuismitheoirí maidir leis na socruithe seo.

Mar sin féin, tá réimsí inní ar leith gur chóir don fhoireann Cód Dea-chleachtais a chomhaontú ina leith agus a fhaomhadh ag an mBord Bainistíochta.

Tá tábhacht ar leith leis seo nuair atá scoileanna ag plé le leanaí le riachtanais speisialta oideachais. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh cleachtais san áireamh a gcuid riachtanas aonair, a gcosaint agus cosaint na foirne scoile atá bainteach le freagairt na riachtanas sin.

Tá sé tábhachtach go dtabharfar deis d'fhoireann na scoile cleachtais atá le glacadh a aithint agus a aontú. Nuair is gá, ba chóir prótacal scríofa a thugann cur síos ar na cleachtais comhaontaithe (m.sh. leithreasú, athrú feistis do chluichí/snámh srl.) a chur san áireamh i ndoiciméad Pholasáí um Chosaint Leanaí na scoile.

Cé go ndéanann an leabhrán seo iarracht na bunphrionsabail a thabhairt do scoileanna chun an Cód Dea-chleachtais seo a thiomáint ní dhéanann sé iarracht na ceisteanna ar fad a fhreagairt, ach treoir phraiticiúil a thairiscint.

Beidh eagsúlachtaí sna cleachtais ó scoil go scoil ag brath ar riachtanais na leanaí, an fhoireann, an leagan amach fisiciúil srl. Mar sin féin, tá sé thar a bheith tábhachtach, cibé cleachtais a nglactar leo, go n-oibríonn an fhoireann ar fad laistigh de na cleachtais glactha seo. Níor chóir do scoileanna aon rud a chur san áireamh ina ndoiciméad polasaí nach féidir leis an bhfoireann cloí leis.

Tá sé tábhachtach le meabhrú freisin, cé gur chóir gach iarracht a dhéanamh cloí le dea-chleachtas comhaontaithe, i gcás éigeandála nó eachtra gan coinne, b'fhéidir nach mbeadh sé seo indéanta nó infheidhmithe. I gcásanna dá leithéid, ba chóir taifead iomlán

a dhéanamh ar an eachtra agus a thuairisciú don phríomhoide, do thuismitheoirí na ndaltaí atá páirteach agus don Bhord Bainistíochta, mar is cuí.

A. Earcú agus roghnú foirne

Tá earcú na foirne agus na cúntóirí deonacha ríthábhachtach lena chinntiú gur daoine fásta sábháilte iad na daoine sin atá ag obair le leanaí sa scoil sa mhéid agus is féidir é seo a dheimhniú. Cé gur chóir cur chuige ceart a leanúint i gcónaí maidir le fógraíocht, agallamh agus roghnú foirne ba chóir cleachtais eile a mheas.

Ba chóir iarraidh ar na hiarrthóirí uilig eolas a sholáthar i scríbhinn a chuimsíonn: -

- sonraí pearsanta cuí
- achoimre ar thaithí oibre/oibre deonach reatha agus roimhe seo, a luann cáilíochtaí nó scileanna cuí a fuarthas
- dhá theistiméireacht scríofa ar a laghad - ba chóir deimhniú ar theistiméireachtaí a lorg trí theagmháil bhéil a dhéanamh leis na moltóirí.

Nuair is gá ba chóir grinnfhiosrúchán de chuid an Gharda Síochána a lorg ach tá sé tábhachtach a mheabhú nach cosaint iomlán é grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, ó tharla go bhfuil neart déantóirí mí-úsáide nach bhfuil in aithne ag na húdaráis.

Meastar freisin gur deachleachtas é seiceáil cúlra a dhéanamh ar aon duine atá á mheas chun cuidiú ar bhonn deonach nó atá ag lorg taithí oibre sa scoil. Cuirfidh a lán coláistí, agus eagrais atá ag iarraidh daoine a chur ar thaithí oibre sa scoil, an t-eolas sin ar fáil.

Tá sé de fhreagracht freisin ar an mBord Bainistíochta a chinntiú go ndéanfar feitheoireacht agus tacú ceart ar an bhfoireann ar fad san obair atá idir lámha acu.

B. Gnáthiompar

Tá sé ríthábhachtach i ngach déileáil leis na leanaí atá faoi'n ár gcúram go mbíonn cothromaíocht ann idir chearta an linbh agus an gá le hidirbheartaíocht.

Mar riail ghinearálta ba chóir aon teagmháil phearsanta idir phearsanra na scoile agus an leanbh a bheith mar fhreagra ar riachtanais

an linbh agus ní riachtanais an duine fásta. Cé gur féidir teagmháil phearsanta a úsáid chun solás, misneach nó cúnaimh a thabhairt do leanbh ba chóir iad seo a leanas a bheith mar ghnéithe chun oiriúnacht a mheas

- tá sé inghlactha don leanbh lena mbaineann
- tá sé oscailte agus gan a bheith rúnda
- tá sé in oiriúint d'aois agus céim forbartha an linbh

Níor chóir do phearsanra scoile nithe de nádúr phearsanta a dhéanamh do leanbh gur féidir leis an leanbh a dhéanamh dó féin/di féin.

Cuimsíonn teagmháil fhisiciúil míchuí freisin imirt gharbh fhisiciúil agus rancás (cigilt, iomrascáil srl.).

Ba chóir caitheamh le gach leanbh ar chómh-mheas – níl fábhraíocht inghlactha.

Níor chóir do phearsanra na scoile riamh iad seo a leanas a dhéanamh nó a cheadú: -

- úsáid teanga nó iompraíochtaí míchuí m.sh. searbhas
- pionós fisiciúil de chineál ar bith
- cluichí gríosaitheacha gnéis nó ráiteas gríosaitheach gnéis faoi nó chuig leanbh
- ábhar gáirsiúil nó pornagrafach srl.

Ba chóir gach táirge meáin – dlúthdhioscaí, DVDanna, bogearraí ríomhaire srl. – a sheiceáil don oiriúnacht maidir le haois agus feiliúnacht. Nuair atá amhras ann maidir le hoiriúnacht ábhair, ba chóir dul i gcomhairle le thuismitheoirí, an príomhoide agus/nó an bord bainistíochta de réir mar is gá.

Tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta a chinntiú go bhfuil pearsanra uilig na scoile ar an eolas faoi threoirínite na ROE ar chosaint leanaí agus go gcloítear leis na treoirínite seo má tá aon bhuairt nó nochtadh ann maidir le cosaint leanaí. Ba chóir an Duine Caidrimh Ainmnithe (DCA) a chur ar an eolas go pras faoi aon bhuairt maidir le hiompraíocht bhall foirne nó aon líomhaintí mí-úsáide a dhéanann leanbh nó duine fásta.

Má bhaineann an bhuairt leis an DCA ba chóir cathaoirleach an bhoird bhainistíochta a chur ar an eolas.

Níor chóir riamh neamhaird a dhéanamh de nochtadh mí-úsáide.

C. Cúram Leithris/Cúram Pearsanta

a) Leanaí le riachtanais ar leith um leithreasú/cúram pearsanta

De ghnáth beith cúntóir riachtanais speisialta sannta do leanbh le riachtanais ar leith um leithreasú. Tá sé an-tábhachtach, sula gclárófar an leanbh sa scoil, go dtionólfar cruinniú ar a bhfreastalóidh pearsanra uilig na scoile a bheidh ag plé leis an leanbh chomh maith le tuismitheoirí/caomhnóirí an linbh. Ag an gcruinniú sin, ba chóir riachtanais an linbh a phlé agus teacht ar chomhaontú ar an gcaoi inar féidir leis an scoil na riachtanais sin a shásamh. Tá sé tábhachtach go gcomhaontóidh na daoine sin atá páirteach i gcúram pearsanta an linbh cleachtais atá inghlactha don fhoireann, don leanbh agus do na tuismitheoirí. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach Polasaí um Chúram Pearsanta a bheith ann, a thugann cur síos ar na cleachtais comhaontaithe. Ba chóir go mbeadh na cleachtais comhaontaithe seo solúbtha go leor chun eachtraí gan coinne a chlúdach m.sh. má tá pearsanra a bhíonn de gnath páirteach i gcuidiú leis an leanbh as láthair.

Ba chóir an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi na cleachtais a aontaítear .

b) 'Timpistí' Leithris

Tarlaíonn timpistí leithris go minic, go háirithe ag an leibhéal sóisearach, agus mar sin tá sé ciallmhar do scoileanna a phlé conas a chaithfear le heachtraí mar seo sa scoil. B'fhéidir nach mbeidh tuismitheoirí in ann teacht chuig an scoil láithreach má tá timpiste leithris ag a leanbh agus caithfear machnamh a dhéanamh ar na himpleachtaí atá ann má fhágtar leanbh gan chúram i suíomh mar seo. Mura bhfuil cúiseanna an-speisialta ann nach ndéanfadh foireann na scoile cúram den leanbh, ba chóir cleachtais a chomhaontú a bhfuil baill foirne compórdach leo agus a thugann aird chuí ar mhíshuaimhneas an linbh a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ba chóir nóta a choinneáil d'eachtraí mar seo agus tuismitheoirí a chur ar an eolas.

D. Athrú feistis do Chluichí/Chorpoideachas agus Snámh

Seachnaíonn go leor scoileanna deacrachtaí sa réimse seo trí iarraidh ar thuismitheoirí a chinntiú go gcaitheann daltaí feisteas cuí do chluichí/chorpoideachas agus snámh m.sh. bróga le ceangail 'Velcro' agus éadaí a bhfuil daltaí in ann iad a athrú go héasca.

Mar sin féin, le gníomhaíochtaí ina gcaithfidh leanaí éadaí a athrú, ba chóir bearta chuí a ghlacadh d'fhonn a chinntiú go gcuirtear cosaint réasúnta ar fáil do leanaí agus do bhaill foirne atá páirteach.

Caithfear aird chuí a thabhairt ar bhuarthaí sláinte, sábháilteachta agus mí-úsáide a d'fhéadfadh a bheith ann. Chuige sin, ba chóir don Bhord Bainistíochta a chinntiú:

- go mbíonn cothromaíocht ann idir ceart an linbh do phríobháideachas agus feitheoireacht cuí le haird mar is cóir ar ghnéithe inscne;
- nuair atá cúnadh de dhíth ar dhaltaí le hathrú feistis, gur chóir comhaontú a shroicheadh idir tuismitheoirí agus an fhoireann ar an gcaoi is fearr leis na riachtanais sin a shásamh;
- go mbíonn teorainneacha soiléire ann má tá oibríthe deonacha páirteach i gcuidiú le hathrú feistis, feitheoireacht srl. Beidh teorainneacha éagsúla ann ag brath ar aois/riachtanais an dalta agus ar na bacanna fisiciúla;
- go gcuirtear tuismitheoirí ar an eolas má bhíonn oibríthe deonacha ag cuidiú le daltaí;
- go seachnaíonn an fhoireann cuidiú a thabhairt do dhaltaí le haon ní de nádúr pearsanta gur féidir leis an leanbh a dhéanamh dó féin/di féin;
- go dtugtar tuairisc ar eachtra ar bith chuig an bpríomhoide, na tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta de réir mar a oireann .

Dea-chleachtas is ea é beirt dhuine fásta a bheith i láthair nuair a bhíonn leanaí ag athrú feistis do snámh nó d'aon ócáid "lasmuigh-den-scoil".

E. Feitheoireacht ar Dhaltaí

Athróidh socruithe feitheoireachta ó scoil go scoil ag brath ar an leagan amach fisiciúil, aoiseanna agus riachtanais na leanaí. Ba chóir go mbeadh socruithe comhaontaithe chun timpistí nó eachtraí a tharlaíonn nuair atá daltaí faoi chúram na foirne, a thaifeadadh.

Mar thoradh ar easpa feitheoireachta féadfaidh níos mó deiseanna a bheith ann do mhí-úsáid piara, bulaíocht agus íospairt.

Réimsí eile ba chóir a mheas mar chuid de seo is ea garchabhair a thabhairt, na himpleachtaí a bhaineann le daltaí a thógáil ar aistír ina n-aonair, agus daltaí á mbailiú ag duine nach bhfuil in aithne don fhoireann.

Nuair atá scoileanna ar an eolas faoi ordú cúirte a bheith i bhfeidhm, a chuireann cosc ar dhuine rochtain a bheith aige/aici ar leanbh/leanaí, ba chóir don scoil cóip den ordú sin a lorg.

Sa chás nach gcloíonn an tuismitheoir/caomhnóir leis an ordú cúirte ba chóir na Gardaí a ghlaoch chuig an scoil chun é a chur i bhfeidhm.

F. Teagasc duine-le-duine:

Is féidir teagasc duine-le-duine a sholáthar má mheastar é a bheith feiliúnach. Do leanaí áirithe d'fhéadfadh sé seo a bheith níos tairbhiúla ná obair mar chuid de ghrúpa beag. Ní mór do scoileanna na buntáistí a mheá i gcoinne na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh cosaint leanaí de. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh chun cosaint an linbh agus na foirne a chinntiú. Tá sé fíor-riachtanach go gcuirtear teorainneacha soiléire ar bun maidir le timpeallacht fhisiciúil (m.sh. painéal amhairc sa doras), socruithe suí, amchlárú ceart srl.

Má tá tacaíocht foghlama nó teagasc duine-le-duine de dhíth ar leanbh ba chóir tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi na socruithe atá ann.

G. Cuairteoirí/Aoichainteoirí:

Níor chóir cuairteoirí/aoichainteoirí a fhágáil ina n-aonair le leanaí. Tá sé de fhreagracht ar an scoil (Bord Bainistíochta/príomhoide/múinteoir mar is cuí) dintiúirí an chuairteora/aoichainteora a

sheiceáil agus a chinntiú go bhfuil an t-ábhar atá in úsáid oiriúnach.

H. Sábháilteacht Idirlín:

Tá sé de dhualgas ar scoileanna a chinntiú go gcaitear le buarthaí um chosaint leanaí i bPolasaí na scoile um Úsáid Inghlactha mar chuid dá polasaí um Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. De ghnáth pléann na polasaithe seo le nithe maidir le húsáid an Idirlín ar scoil, ar nós rochtain nó úsáid ghrianghrafa nó ainmneacha leanaí ar shuíomh gréasáin na scoile.

Bíonn gá le hathbhreithniú rialta ar go leor gnéithe de Pholasaí um Chosaint Leanáí agus is fíor seo le ceisteanna na teicneolaíochta ach go háirithe. Uaireanta is cosúil, a luaithe agus a thuigimid impleachtaí na teicneolaíochta nua do chosaint leanaí, go mbíonn an teicneolaíocht imithe ar aghaidh arís. Tá sé tábhachtach go leanfadh pobail scoile ag díriú ar an targaid seo atá de shíor ag gluaiseacht.

I measc na nithe a d'fhéadfaí a mheas i bpolasaí scoile ar úsáid inghlactha na teicneolaíochta tá:

- Fóin Póca/Fóin Ceamara
- Gléasanna cluiche láimhe.
- Seinnteoirí MP3 srl.

Ar ndóigh, níl rud ar bith cearr le ceann ar bith de na teicneolaíochtaí seo a úsáid - d'fhéadfadh buntáistí suntasacha a bheith ag mórchuid acu don leanbh agus is annamh gur cosc simplí an polasaí is fearr. Beidh eolas nuashonraithe ar fáil go réidh ó shuíomhanna gréasáin áirithe, www.webwise.ie san áireamh.

LEANAÍ LE RIACHTANAIS SPEISIALTA OIDEACHAIS

De réir na taighde, tá leanaí le riachtanais speisialta oideachais níos mó i mbaol agus dá bhrí sin níos mó i gcontúirt go ndéanfar mí-úsáid orthu ar chúiseanna ar nós:

- Lag-scileanna cumarsáide
- Tuiscint theoranta ar dháinséar
- Gá le dianchúram pearsanta
- Easpa soghluaiseachta agus spleachas níos mó ar dhaoine fásta
- Gá le haire, cairdeas nó cion
- Treallús teoranta agus féinmhuinín níos laige
- Tuiscint theoranta ar ghnéasacht nó ar iompar gnéasach
- Imní nach creidfead iad

Ní mór do scoileanna a chinntiú go sásófar riachtanais oideachais sábháilteachta pearsanta na leanaí ar fad le riachtanais speisialta oideachais go himleor agus aird chuí á thabhairt ar leochaileachtaí ar leith na leanaí aonair.

Dearadh an pacáiste Bí Sábhailte ‘Personal Safety Skills for Children with Learning Difficulties’ (1996) d’fhonn cur leis an bpríomhphácaiste Bí Sábhailte chun cuidiú le múinteoirí san obair seo. Ba chóir machnamh a dhéanamh freisin ar an gcaoi inar féidir le múinteoirí acmhainne agus múinteoirí tacaíochta foghlama cur leis an obair ranga m.sh. obair sa teanga labhartha, forbairt foclóra agus obair chumarsáide bainteach leis an gclár Bí Sábhailte .

Bíonn ról ríthábhachtach ag Cúntóirí Riachtanas Speisialta i gcúram laethúil do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais. Mar sin tá sé fíor-riachtanach go gcuirtear feasacht agus oiliúint maidir le cosaint leanaí ar fáil do Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar fad agus do bhaill foirne eile a mbíonn teagmháil acu le leanaí.

POLASAÍ UM CHOSAINT LEANAÍ A CHRUTHÚ DO DO SCOIL

Sa mhéid agus is féidir ba chóir go mbeadh foireann, tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta na scoile páirteach i bhforbairt an pholasaí seo. Ba chóir go mbeadh an polasaí ag teacht leis na moltaí agus treoirlínte reatha maidir le cosc ar mhí-úsáid leanaí agus le treoirlínte maidir le cosaint leanaí.

Tá Polasaí samplach um Chosaint Leanaí do scoileanna san aguisín. Is féidir é a íoslódáil ó www.staysafe.ie agus a leasú chun freastal ar riachtanais scoile aonair.

Tabhair faoi deara: D’fhéadfadh eagsúlachtaí a bheith sa pholasaí i scoileanna maidir leis an gclár um chosc agus maidir leis an dea-chleachtas. Mar sin féin, ní mór Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí de chuid na ROE a ghlacadh ina n-iomláine ag gach scoil.

Nuair a aontófar é, ba chóir cóip an duine de Pholasaí na scoile um Chosaint Leanaí agus cóip de Threoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE) a chur ar fáil do na baill foirne uilig. Ba chóir a mheabharrú don fhoireann uilig go rialta iad féin a chur ar an eolas maidir le polasaí na scoile sa réimse seo agus ba chóir gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go dtarraingítear aird na foirne nua ar fad ar Pholasaí na scoile um Chosaint Leanaí.

Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar Pholasaí na scoile um Chosaint Leanaí ar bhonn rialta agus oiliúint agus eolas ar chosaint leanaí a sholáthar don fhoireann, tuismitheoirí agus comhaltaí an Bhoird Bhainistíochta ar fad.

SEICLIOSTA NA bPRÍOMHPHOINTÍ

Tá na ceachtanna Bí Sábháilte clúdaithe mar a mholtar faoi churaclam OSPS na scoile

Tá soláthar breise déanta do leanaí le riachtanais speisialta oideachais

Tá tuismitheoirí curtha ar an eolas faoi pholasaí na scoile maidir leis an gclár Bí Sábháilte

Tá Duine Caidrimh Ainmnithe (DCA) agus DCA Tánaisteach ainmnithe ag an mBord Bainistíochta

Coinneáil taifid – tá an fhoireann ar fad ar an eolas faoi ‘n gcur chuige (gcleachtas) comhaontaithe

Cur chuige tuairiscithe – tá an fhoireann ar fad ar an eolas faoi threoirlínte na ROE

Tá réimsí dea-chleachtas aitheanta agus comhaontaithe ag an bhfoireann

Tá na cleachtas um chosaint leanaí atá i bhfeidhm faofa ag an mBord Bainistíochta

Tá oiliúint chuí i ngach réimse de chosaint leanaí faighte ag an bhfoireann ar fad

Tá soláthar ann d’fhonn a chinntiú go gcuirtear an fhoireann nua ar fad ar an eolas maidir le Polasaí na scoile um Chosaint Leanaí

AGUISÍN 1

POLASÁÍ SAMPLACH UM CHOSAINT LEANAÍ

Ráiteas Tosaigh

Tá an polasaí seo forbartha agus aontaithe ag Foireann, Tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta _____ faoi réir na moltaí agus treoirínte reatha a bhaineann le cosc ar mhí-úsáid leanaí agus treoirínte um chosaint leanaí.

Pléann an polasaí seo freagrachtaí na scoile sna réimsí seo a leanas:

Cosc – soláthar curaclaim
Cur chuige – modhanna imeachta chun plé le buarthaí/nochtadh
Cleachtas – dea-chleachtas i gcosaint leanaí

Cuirfear cóip aonair den doiciméad polasaí seo agus cóip de *'Treoirínte agus Cur Chuige um Chaomhnu Paistí'* de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar fáil don fhoireann ar fad.

Tá sé de dhualgas ar an bhfoireann ar fad iad féin a chur ar an eolas faoi *'Children First' agus 'Treoirínte agus Cur Chuige um Chaomhnu Paistí'* (ROE)

Aidhmeanna

Féachann an polasaí seo le:

- Timpeallacht slán, iontaobhach, fhreagrach agus chomhbhách a chruthú
- Oideachas scileanna sábháilteachta pearsanta a sholáthar a thugann aghaidh go sainiúil ar chosc ar mhí-úsáid do na leanaí ar fad sa scoil
- Feasacht agus freagracht a fhorbairt ar chosaint leanaí i measc phobal uile na scoile
- Nósanna imeachta a chur ar bun don deachleachtas chun na leanaí agus an fhoireann ar fad a chosaint
- A chinntiú go bhfuil na baill foirne uilig ar an eolas faoi *'Children First' agus 'Treoirínte agus Cur Chuige um Chaomhnu Paistí'* de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le buarthaí agus/nó nochtadh ar mhí-úsáid leanaí a thuairisciú
- Soláthar a dhéanamh d'oiliúint leanúnach sa réimse seo agus réimsí ábhartha d'fhoireann uilig na scoile.

Cosc

Is é an clár Bí Sábháilte an phríomhacmhainn a úsáidtear sa scoil seo chun oideachas ar chosc na mí-úsáide a sholáthar do leanaí. Múintear an clár mar chuid de churaclam Oideachais Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na scoile faoi'n snáithaonad Sábháilteacht agus Cosaint.

Ar chlárú a linbh inseofar do thuismitheoirí go bhfuil an clár 'Bí Sábháilte' in úsáid sa scoil agus cuirfear cóip de 'Bí Sábháilte: Treoir do Thuismitheoirí' ar fáil dóibh.

Múinfear ceachtanna foirmeálta an chlár go hiomlán gach dara bliain faoi réir phlean timthriallach dhá bhliain an OSPS.

Déanfaidh an fhoireann gach iarracht lena chinntiú go ndéanfar teachtaireachtaí an chlár a dhaingniú am ar bith is féidir.

Nithe eile le cur san áireamh - Féach COSC leathanach 8?

Cur Chuige

Leanfaidh an fhoireann ar fad (Múinteoirí, Cúntóirí Riachtanas Speisialta, foireann choimhdeach, rúnaíochta, feighlithe srl.) sa scoil seo na moltaí chun buarthaí nó nochtadh a thuairisciú mar a luaitear iad i 'Children First' agus 'Treoirínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí' doiciméad na Roinne Oideachais agus Eolaíochta,

Tá _____ ainmnithe ag Bord Bainistíochta na scoile seo mar Dhuine Caidrimh Ainmnithe (DCA), agus _____ mar DCA tánaisteach.

Tá na nithe seo a leanas aontaithe ag foireann agus bainistíocht na scoile seo:

- Déanfar gach buairt/nochtadh a bhaineann le cosaint leanaí/leas leanaí a thuairisciú ar an gcéad dul síos don DCA (DCA tánaisteach nuair is cuí)
- Déanfar gach tuairisc chuig an DCA a dhátú agus a shíniú ag an duine atá ag déanamh na tuairisce sin
- Cloí go dlúth le rúndacht a chaomhnú – níor chóir eolas maidir le buarthaí nó nochtadh mí-úsáide a thabhairt ach ar bhonn riachtanais (gá le heolas).

Cleachtas

Tá na nithe seo a leanas aitheanta ag foireann agus bord bainistíochta na scoile seo mar réimsí buartha ar leith maidir le cosaint leanaí.

I ndiaidh plé agus comhchomhairle tá sé aontaithe ag an bhfoireann agus an bord bainistíochta go nglacfar leis na cleachtais seo a leanas:

Féach roinn ar CHLEACHTAS mar threoir.

Ba chóir cleachtais atá aontaithe a liostáil faoi'n gceannteideal ar leith.

Naisc chuig réimsí polasaí/pleanála eile

Curaclam OSPS – Snáithaonad 'Sábháilteacht agus Cosaint',
Cód Smachta na Scoile
Frith-Bhulaíocht
Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
Riachtanais Speisialta
Polasaí Snámha
Turais Scoile/Aistir

Athbhreithniú agus Monatóireacht

Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus monatóireacht ar an bpolasaí seo ar bhonn bliantúil agus de réir mar is gá. Cinnteoidh an bord bainistíochta go gcuirfear dóthain oiliúna/eolais agus tacaíochta ar fáil don fhoireann, tuismitheoirí agus comhaltaí den bhord bainistíochta ar fad.

Polasaí glactha ag an mBord Bainistíochta ar _____

Sínte: _____

Cathaoirleach

AGUISÍN 2

Taifead Samplach do Chosaint Leanaí		
Cód (m.sh. uimhir chláráithe an pháiste)		
Dáta	Buarthaí	Sínithe